

# Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh táirge bithicídeach

**Ainm an táirge:** L+R handdisinfect 04

**Cineál nó cineálacha táirge:** PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)

PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)

**Uimhir an údaraithe:** EU-0027466-00

**Uimhir thagartha sócmhainne  
R4BP 3:** EU-0027466-0003

## Clár Ábhar

FAISNÉIS RIARACHÁIN	1
1.1. Trádainmneacha an táirge	1
1.2. Sealbhóir an údaraithe	1
1.3. Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha	1
1.4. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha	1
2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE	2
2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge bhithicídigh	2
2.2. Cineál foirmlithe	3
3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM	3
4. ÚSÁID (nó ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE	3
5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE	7
5.1. Treoracha úsáide	7
5.2. Bearta maolaithe riosca	7
5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint	7
5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte	8
5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála	8
6. FAISNÉIS EILE	8

# FAISNÉIS RIARACHÁIN

## 1.1. Trádainmneacha an táirge

L+R handdisinfect 04

## 1.2. Sealbhóir an údaraithe

<b>Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe</b>	Ainm	Lohmann & Rauscher International GmbH & Co. KG
	Seoladh	Westerwaldstrasse 4 56579 Rengsdorf An Ghearmáin
<b>Uimhir an údaraithe</b>	EU-0027466-00 1-2	

<b>Uimhir thagartha sócmhainne R4BP 3</b>	EU-0027466-0003
<b>Dáta an údaraithe</b>	31/07/2022
<b>Dáta éaga an údaraithe</b>	30/06/2032

## 1.3. Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha

<b>Ainm an déantóra</b>	Lohmann & Rauscher International GmbH & Co. KG
<b>Seoladh an déantóra</b>	Westerwaldstrasse 4 56579 Rengsdorf An Ghearmáin
<b>Suíomh na láithreán déantúsaíochta</b>	A.F.P. Antiseptica Forschungs- und Produktionsgesellschaft mbH, Otto-Brenner-Straße 16-18 21337 Lüneburg An Ghearmáin

## 1.4. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha

<b>Substaint ghníomhach</b>	1355 - Propan-2-ol
<b>Ainm an déantóra</b>	INEOS Solvent Germany GmbH
<b>Seoladh an déantóra</b>	Römerstrasse 733 47443 Moers An Ghearmáin
<b>Suíomh na láithreán déantúsaíochta</b>	INEOS Solvent Germany GmbH, Römerstrasse 733 47443 Moers An Ghearmáin

<b>Substaint ghníomhach</b>	1354 - Propan-1-ol
<b>Ainm an déantóra</b>	OQ Chemicals GmbH (formerly OXEA)
<b>Seoladh an déantóra</b>	Rheinpromenade 4a 40789 Monheim am Rhein An Ghearmáin
<b>Suíomh na láithreán déantúsaíochta</b>	OQ Chemicals Corporation, 2001 FM 3057 (formerly OXEA Corporation) TX 77414-2968 Bay City Stáit Aontaithe Mheiriceá

<b>Substaint ghníomhach</b>	1354 - Propan-1-ol
<b>Ainm an déantóra</b>	Sasol Chemie GmbH & Co. KG
<b>Seoladh an déantóra</b>	Secunda Chemical Operations, Sasol Place, 50 Katherine Street 2090 Sandton An Afraic Theas
<b>Suíomh na láithreán déantúsaíochta</b>	Secunda Chemical Operations, PDP Kruger Street 2302 Secunda An Afraic Theas

<b>Substaint ghníomhach</b>	1354 - Propan-1-ol
<b>Ainm an déantóra</b>	BASF SE
<b>Seoladh an déantóra</b>	Carl-Bosch-Str. 38 67056 Ludwigshafen An Ghearmáin
<b>Suíomh na láithreán déantúsaíochta</b>	BASF SE, Carl-Bosch-Str. 38 67056 Ludwigshafen An Ghearmáin

## 2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE

### 2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge bhithicídigh

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	45
Propan-1-ol		Substaint Ghníomhach	71-23-8	200-746-9	30
Tetradecanol	Myristil alcohol	Substaint neamhghníomhach	112-72-1	204-000-3	0

## 2.2. Cineál foirmlithe

AL - Aon leacht eile

## 3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM

### Ráitis ghuaise

Leacht agus gal inlasta.

Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil.

D'fhéadfadh a bheith ina chúis le codlatacht nó meadrán.

D'fhéadfadh ilnochtadh a bheith ina chúis le tirimeacht chraicinn nó le scoilteadh craicinn.

### Ráitis réamhchúraim

Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. - Cosc ar thobac.

Coinnigh an coimeádán dúnta go docht.

Seachain anáilú gala.

Ná húsáid ach taobh amuigh nó i limistéar dea-aeráilte.

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann anáilú go compordach.

MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE: Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadháil, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú.

Glaigh láithreach ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

Stóráil in áit atá aeráilte go maith. Coinnigh fionnuar.

Stóráil faoi ghlas.

Diúscair ábhar chuig i ngléasra formheasta diúscartha dramhaíola.

## 4. ÚSÁID (nó ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE

## 4.1 Tuairisc úsáide

### ÚSÁID 1 - Díghalrán lámh sláinteachais

<b>An cineál táirge</b>	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)
<b>Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe</b>	Neamhábhartha.
<b>Spríocorgánach (nó spríocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)</b>	<p>Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil</p> <p>Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil</p> <p>Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Míceabhaictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil</p> <p>Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: viruses (limited spectrum of virucidal activity) Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil</p>
<b>Réimse (nó réimsí) úsáide</b>	<p>Faoi dhíon</p> <ul style="list-style-type: none"><li>- ospidéal agus institiúidí cúram sláinte eile, rannóga na n-othar seachtrach, ionaid sláinte, tithe altranais (cúram baile d'othair san áireamh)</li><li>- ceantíní ospidéal, cistineacha móra, tionscail chógaisíochta, láithreáin táirgthe, saotharlanna: díghalrán lámh sláinteachais ar lámha atá glan agus tirim</li><li>- úsáid ghairmiúil amháin.</li></ul>
<b>Modh (nó modhanna) úsáide</b>	<p>Airí modha: Feidhmiú de lámh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: cuimilt</p>
<b>Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe</b>	<p>Airí úsáide: Dáileog: 3 ml ar a laghad (úsáid dáileoírí, mar shampla socraigh ag 1.5 ml an buille, 2 bhuille/3 ml). Íos-aga teagmhála: 30 soic. Airí caolaithe: táirge atá réidh le húsáid Airí uainithe:</p> <p>Níl aon srian curtha le líon na n-uaireanta a chuirtear an táirge ort ná lena n-uainiú. Ní gá eatraimh sábháilteachta a chur san áireamh idir na hamanna a chuirtear an táirge ort.</p> <p>Is féidir an táirge a úsáid am ar bith agus chomh minic agus is gá.</p>
<b>Catagóir (nó catagóirí) úsáideoírí</b>	<p>Tionsclaíoch</p> <p>Gairmiúil</p>

**Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta**

100ml, 500ml agus 1000ml i mbuidéil thrédhearcacha HDPE le caipín smeacha PP.

**4.1.1 Treoracha úsáidsonracha úsáide**

Is féidir na táirgí a chur ort go díreach nó is féidir dáilleoir nó caidéal a úsáid leo.

Don díghalrán lámh sláinteachais, úsáid 3 ml den táirge chun go mbeidh na lámha fliuch ar feadh 30 soicind.

**4.1.2 Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca**

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

**4.1.3 I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

**4.1.4 I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

**4.1.5 I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

**4.2 Tuairisc úsáide**

**ÚSÁID 2 - Díghalrán lámh máinliachta**

**An cineál táirge**

PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)

**Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe**

**Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)**

Neamhábhartha.

Ainm eolaíoch: other  
Gnáthainm: Baictéir  
Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil

Ainm eolaíoch: other  
Gnáthainm: Giostaí  
Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil

Ainm eolaíoch: other  
Gnáthainm: Míceabhaictéir  
Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil

Ainm eolaíoch: other  
Gnáthainm: viruses (limited spectrum of virucidal activity)  
Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil

**Réimse (nó réimsí) úsáide**

Faoi dhíon

ospidéal agus institiúidí cúram sláinte eile: díghalrán lámh máinliachta ar lámha agus ar rítheacha atá glan agus tirim.  
Úsáid ghairmiúil amháin.

**Modh (nó modhanna) úsáide**

Airí modha: Feidhmiú de láimh  
Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:  
cuimilt

**Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe**

Airí úsáide: Dáileog: 3 ml gach uair (úsáid dáileoirí, mar shampla socraithe ag 1.5 ml an buille, 2 bhuille/3 ml). Íos-aga nochta: 90 soic.  
Airí caolaithe: táirge atá réidh le húsáid  
Airí uainithe:

Níl aon srian curtha le líon na n-uaireanta a chuirtear an táirge ort ná lena n-uainiú. Ní gá eatraimh sábháilteachta a chur san áireamh idir na hamanna a chuirtear an táirge ort.

Is féidir an táirge a úsáid am ar bith agus chomh minic agus is gá.

**Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí**

Gairmiúil

**Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta**

100ml, 500ml agus 1000ml i mbuidéil thrédhearcacha HDPE le caipín smeacha PP.

**4.2.1 Treoracha úsáidsonracha úsáide**

Is féidir na táirgí a chur ort go díreach nó is féidir dáileoir nó caidéal a úsáid leo.  
Don díghalrán lámh máinliachta, úsáid an líon 3 ml agus is gá chun go mbeidh na lámha fliuch ar feadh 90 soicind.

#### 4.2.2 Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

#### 4.2.3 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

#### 4.2.4 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

#### 4.2.5 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

### 5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE

#### 5.1. Treoracha úsáide

Úsáid ghairmiúil amháin.

#### 5.2. Bearta maolaithe riosca

Seachain teagmháil leis na súile.

Coimeád as aimsiú leanaí.

#### 5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh an craiceann le neart uisce láithreach. Ina dhiaidh sin, bain na héadaí éilithe go léir agus nigh iad sula n-úsáidfead arís iad. Lean den chraiceann a ní le huisce ar feadh 15 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair an duine amach faoin aer agus coimeád socair é, i riocht ina bhféadfaidh sé anáil a tharraingt go réidh. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta. Lean den sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh liachta a fháil.

Faisnéis don phearsanra cúram sláinte/dochtúir:

Ní mór go ndéanfaí na súile a shruthlú arís agus arís eile ar an mbealach chuig an dochtúir más rud é gur nochtadh na súile do cheimiceáin alcaileacha (pH > 11), aimíní nó aigéid mar aigéad aicéiteach, aigéad formach nó aigéad próipianach.

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh an béal láithreach. Tabhair rud éigin le n-ól don duine nochtá, más féidir leis slogadh. NÁ déan urlacan a spreagadh. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh liachta a fháil.

I ndiaidh an doirte: Tóg suas é le hábhar ionsúiteach (mar shampla, gaineamh, cré ionfúsórach, ceanglóir uilíoch). Nuair a phioctar suas é, plé leis an ábhar mar atá forordaithe faoi "Ceisteanna diúscartha".

## 5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Ní mór go ndéanfaí an t-iarbhar a bhaint go hiomlán den phacáistíocht agus a dhiúscairt ansin i gcomhréir leis na rialacháin maidir le diúscairt dramhaíola.

Ní mór an phacáistíocht nár folmhaíodh i gceart a dhiúscairt i bhfoirm dhiúscartha atá sonraithe ag an gcuideachta dhiúscartha réigiúnach.

## 5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Bearta teicniúla agus coinníollacha stórála:

Seilfré: 36 mhí

Coinnigh an coimeádán dúnta go docht agus tirim, agus déan é a stóráil in áit atá fionnuair agus dea-aeráilte. Cosain ó sholas díreach na gréine.

Teocht stórála a mholtar: 0-30°C

Ceanglais le haghaidh seomraí agus soithí stórála:

Ní mór go ndúnfaí go cúramach coimeádáin atá ar oscailt agus go gcoinneofaí ina seasamh iad chun sceitheadh a chosc. Coinnigh i gcónaí i gcoimeádáin atá comhdhéanta den ábhar céanna as a raibh an bunchoimeádán déanta.

Comhairle faoi chóimeáil stórais:

Ná stóráil le chéile le: substaintí ocsaídíte, substaintí uath-indóite.

## 6. FAISNÉIS EILE

